# Gníomhaíocht 3: Scéalta 14 Sráid Henrietta á nInsint

14 Sráid Henrietta
Henrietta Street

Ó theach cathrach Seoirseach go tionóntán

Forbróidh do rang a gcuid scileanna ionbhá, sintéise agus cumarsáide chun smaointe agus mothúcháin na ndaoine a chónaigh i 14 Sráid Henrietta le linn na mblianta a shamhlú. Ag úsáid mheáin éagsúla, déanfaidh na daltaí na scéalta seo a athinsint agus iad féin á samhlú in áit daoine a mhair san am atá caite.



# Tasc 1: Baile Átha Cliath i gCaitheamh na mBlianta

Caithigí súil ar an dá phictiúr agus ar an bhfíseán de dhaoine a chónaigh ar Shráid Henrietta ag amanna éagsúla:



*Íomhá: An Bhantiarna Mary Molesworth ©An Taisce Náisiúnta Íomhánna/Derrick E. Witty*



*Íomhá: Páistí ar Shráid Henrietta. Le caoinchead ó Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann*




*Físeán: Stair ó Bhéal: Roinneann daoine a chónaigh ar Shráid Henrietta a gcuid cuimhní ar an saol laethúil*

**Roghnaígí duine amháin ó gach pictiúr nó físeán agus déanaigí plé ar an méid seo a leanas:**

- Dar libh céard a bhí á smaoineamh agus á mhothú acu ag an nóiméad sin?
- Cén sórt pearsantachta atá acu, dar libh?
- Cén bealach ina bhfuil na daoine seo mar an gcéanna? Céard iad na difríochtaí eatarthu?
- Dá rachadh na daoine seo isteach i meaisín taistil ama agus dá gcasfaidís ar a chéile, céard a bheadh le rá acu lena chéile? An mbeidís mór le chéile? Cén fáth?

## Tasc 2: Litreacha ón Am atá Caite

- Scríobhaigí litir thíos ón mBantiarna Molesworth chuig cara léi ag insint dó/di faoi Shráid Henrietta.
- Scríobhaigí litir ó dhuine de na páistí sa ghrianghraf den tionóntán chuig cara leo atá ag cónaí faoin tuath, ag insint dó/di faoi Shráid Henrietta.

## Tasc 3: Lá den Saol...

Thíos, cumaigí scéal faoi lá amháin i saol duine de na daoine sna pictiúir thuas, ina nglór féin. Is féidir libh fianaise a úsáid chun an scéal a dhéanamh níos réalaíche. Is féidir é seo a dhéanamh trí scríobh, tarraingt, péinteáil, cartún a dhéanamh, aisteoireacht, amhránaíocht nó damhsa.

**Lá den Saol...**